BEAGHMORE Stone Circles and Alignments and CREGGANCONROE Court Grave

Irish Translation

AN BHEITHEACH MHOR
Ciorcail agus Ailínithe Liag
agus
Tuama Cúirte
CREGGANCONROE

Contae Thír Eoghain

AN BHEITHEACH MHÓR
Tá an líon seo de leachtanna meigiliteacha, a bhfuil portach cumhdaithe le móin agus fraoch ann timpeall air, ar an taobh ó dheas de Shliabh Speirín ar thart ar 195 méadar (640 troigh) in airde. Tháinig George Barnett, nach maireann, ar an suíomh seo den chéad uair sa 1930í ó na Sé Bailte (Six Towns). Thosaigh A. Mc L. May, nach maireann, ó Chúil Raithin an tochailt seandálaíochta in 1945 a bhain an mhóin a chumhdaigh é ón limistéar, agus mar thoradh air, fágadh ciorcail liag, ailínithe liag agus cairn bheaga chruinne, a raibh dlúthbhaint acu lena chéile, ris. Tógadh iad uile ar an chréafóg nó cuireadh isteach sa chréafóg faoin mhóin iad. Tá mórán liag de gach ciorcal agus de gach ailíniú ina bhalláin mhóra curtha ar an talamh seachas liaga lena mbun sáite isteach sa talamh. Cuireadh cosc ar an mhóin teacht timpeall ar an suíomh arís mar gheall ar oibreacha suntasacha dreanála.

Is iad na ciorcail a tógadh le liaga measartha beag den chuid is mó. Tágann an cuairteoir ón bhóthar ar Chiorcail A agus B i dtús báire ina bhfuil liaga idir 0.3 agus 0.6 m in airde ann. Tá an taobh thiar de Chiorcal C greadta go suntasach, ina bhfuil liaga le faid leathana eatharthu agus luíonn sé taobh lena mhacsamhail, Ciorcal D, atá níos rialta de réir pleanála agus a bhfuil tacar de liaga níos cóngaraí dá chéile atá ar comhairde. Níl macasamhail ag Ciorcal E an ciorcal is mó sa suíomh. Tá na liaga seo ar na liaga is mó, fosta: seasann an ceann is airde 1.2m in airde agus tá an chuid is mó de na liaga eile 0.9m in airde. Taobh istigh de tá carn cruinn ann agus tá an chuid eile den taobh istigh líonta go hiomlán le clocha leagtha go cóngarach dá chéile ar thug an tochailteoir ‘fiacla dragain’ orthu. Tá airde 0.8m ar fhiacail lárnach dragain a bheag nó a mhór. Tógadh F agus G, na ciorcail is lú, le liaga idir 0.45 agus 0.66 m in airde. I gCiorcal G tá dhá liag mhóra ann, 1.2m in airde atá, le bearna shuntasach leathan ann, urchomhaireach leis an taobh istigh den ailíniú liag bainteach.

Ailínithe nó Sraitheanna Liag

Tá ailíniú nó ‘sraith liag’ amháin ar a laghad ag gach ceann de na príomhaonaid chiorcail, tá an taobh istigh suite ar nó gar do charn beag cruinn atá cóngarach don phointe a dtagann ciorcail phéireáilte i dtreo a chéile níos dlúithe. Tá mórán liag beag sna sraitheanna is faide go léir. Tá nasc idir ceithre shraith agus Ciorcail A agus B. Tá an ceann ar an taobh amuigh tógtha le liaga beaga ísle curtha gar dá chéile. Tá an phéire ailínithe ar an taobh istigh déanta as liaga níos mó, an ceann is airde ina sheasamh 1.35m os cionn na talún. Síneann trí ailíniú ó Charn 2, idir ciorcail C agus D, an ceann is faide acu siúd sínte ar an taobh amuigh de sconsa na teorann ar fad, iom-

lán de 88 m é. Tá líne ghairid de 5 chloch atá comhthreomhar a bheag nó a mhór leis seo agus iad níos abhalmhóire i ngach gné atá idir 1.00m agus 1.24m in airde. Tá sraith amháin de liaga beaga ag Ciorcal E a bhfuil líne chomhthreomhar de thrí liag mhóra ann (léirithe inár léaráid teidil), agus tá sraith aonair liag bídeach ann atá curtha go dlúth le chéile a bhaineann le Ciorcail F agus G.

Cairn
Tá dosaen carn beag cruinn scaipthe ar an limistéar glanta, agus ceathrar acu (uimhreacha 1, 2, 6 agus 10) a bhaineann go dlúth le patrún an chiorcail agus an ailínithe. Tá an ceann is faide ó dheas, Carn 10, fada go leor ar shiúl ó na ciorcail le spás a thabhairt d'fáinnedhíog thimpeallaithe le bruach seachtarach. Bhí colbhaí ag na cairn de bholláin bheaga agus bhí rianta de chnámha créamtha sa chuid is mó acu. Bhí ciste lárnach dea-thógtha ag Carn 1 ina bhfuarthas ceann tua snasta de phoircealláinít, cloch a ndearna acinn tua de ag Tievebulliagh agus Oileán Reachlainn i gContae Aontroma.

Ciall agus Feidhm na Struchtúr
Tá ciorcail agus ailínithe liag go forleathan sna Oileáin Bhriotánacha agus anonn, agus tógann struchtúir amhail an Bheitheach Mhór an cheist: cad chuige ar tugadh an méid sin talún, ama agus fuinnimh dóibh? Ní fhéadfaí freagra beacht a thabhairt ach na féidearthachtaí a chur sa mheá. Tá a mhacasamhail den teaglam de chiorcail agus ailínithe tadhlaíocha i suímh eile i gContae Thír Eoghain. Bhí mórán acu, ach ní iad uile, de na ciorcail liag suite agus deartha mar threo chuig áiteanna ag bun na spéire ar éirigh agus ar luigh an ghrian, an ghealach agus réaltaí éagsúla. Is suimiúil tabhairt faoi deara go raibh George Barnett, a duine a tháinig ar An Bheitheach Mhór, chomh fada siar le 1954, gur shíl sé gur réadlann gealaí é an suíomh ar mhaithe le háirimh féilire. Mar a fheictear ón phlean, téann ceithre ailíniú thadhlaíocha 40° soir ón treo fíor ó thuaidh, mar a bheadh sé ailínithe ar an chuid sin de bhun na spéire a n-éiríonn an ghrian lár an tsamhraidh.

Gnéithe Eile

Tabharfar faoi deara go raibh ceithre bhanda de chlocha iontach beag le feiceáil ann ar an talamh ar bharr na ngnéithe ar cuireadh síos orthu cheana; ceann soir ó Chiorcail A agus B, ceann idir Ciorcail A-B agus C-D, ceann soir ó thuaidh ó Chiorcail F agus G, agus ceann agus dul soir ó thuaidh ó Charn 9. Ní fios a ndáta agus a bhfeidhm cé go bhfuil an chuma air go bhfuil dhá cheann de na hailínithe seo ó Chiorcail A agus B ag dul thar an chéad bhanda luaite, agus an chuma air go dtagann siad roimh na hailínithe. Is é an míniú is cosúla gur bruacha teorann de chóras páirce níos luaithe iad, a rinneadh ó chlocha nach raibh de dhíth a tógadh ó na páirceanna.

Dátú
Rinneadh tochailt in 1965 a raibh sé mar aidhm aici na struchtúir cloiche a cheangal do stair an fhásra agus trí dhátú radacarbóin le rá cén tréimhse inar tógadh na struchtúir chloiche. Rinneadh anailís phailine ar an mhóin a bhí mar chumhdach agus cuireadh in iúl go raibh an fásra ag athrú le 7000 bliain anuas. Cé gur beag crann atá sa tírdhreach anois, ag tús na tréimhse sin ba é a bhí san fhásra crainn foraoise, beith, péine, saileach agus coll. An chéad uair a tháinig idirghabháil dhaonna isteach sa scéal ba thart ar 3500 R.C. a bhí sé, nuair a bhí laghdú i líon na gcrann foraoise agus tháinig méadú suntasach ar fhéir agus ar luibheanna agus feictear den chéad uair pailin gránbharr – léiriú, is féidir, ar thalmhaíocht Neoiliteach agus ar thógáil stoic. Ba shuntasach an lus é ó 2000 R.C. anonn an fraoch atá anois go frás ann, agus ba mhó a thábhacht sa chéad 500 bliain A.D.

Is ó aimsir Neoiliteach an córas páirce, de réir cosúlachta, mar a tugadh faoi deara thuas, mar a gcéanna leis an tinteán beag a fuarthas taobh istigh de chiorcal C ina bhfuil roinnt cré-earraí Neoiliteacha. Rinneadh dátú ar Charn 10 (go garbh) go dtí an aimsir idir 1500 agus 800 R.C. Bíonn an dátú céanna ag na ciorcail agus ag na hailínithe bainteacha de réir dealraimh. Tógadh na

príomhghnéithe den suíomh seo sa Chré-Umhaois mar sin.

TUAMA CÚIRTE CREGGANCONROE

Is eiseamláir mhaith é seo de thuama seomrach Éireannach ó thuaidh ón aimsir Neoiliteach. Tá a fhios faoi bhreis agus 300 tuama, scaipthe thart ar an leath thuaidh den tír, agus go bhfuil tuamaí a bhfuil neasghaol leo in Albain thiar ó dheas agus ar Oileán Mhanainn. Tá sé suite i dtír ina bhfuil iomairí fada gainimh agus gairbhéil, ar a dtugtar eiscreacha, a fágadh ag oighearshruth ag cúlú ón Oighearaois, ag airde díreach thar 200m. Tá an carn ina thimpeall dronuilleach a bheag nó a mhór sa phlean, thart ar 30m ar a fhad faoi 15 m ar a leithead, ina bhfuil bolláin measartha mór a léiríonn faobhar spiacánach ar an taobh amuigh; is féidir gur rolladh clocha colbha ar bith nó gur bogadh iad síos cnoc. Tá áiléar adhlactha dhá chuid a théann isteach chuig réamhchúirt ag an taobh thoir. Tá taobhliaga aige a sheasann chomh hard le 0.53m go 1.47m thar leibhéal urlár an áiléara mar atá faoi láthair; iad siúd atá ar an taobh istigh tá siad níos ísle ar bhealach suntasach ná iad siúd atá ar an taobh amuigh. Tá ceann amháin de na clocha ursanacha, a fho-roinneann an t-áiléar, san áit go fóill agus thit an ceann eile. Tá an t-áiléar leathan (2.25 m.) ar an chuid sin den taobh amuigh agus bhí díon le liaga mullaigh air i dtoscach báire. Tá ceann acu siúd ann go fóill, tacaíonn na clocha ursanacha leis an fhaobhar seachtarach go fóill agus tá an faobhar inmheánach tite go leibhéal na talún. Réisigh cloch lintéil barra na gcloch ursanach de réir deal-raimh ó thús, a sheasann anois, díláithrithe, ar a cheann eatarthu.

Ar chúl an chairn tá dhá sheomra thaobhacha ann ina bhfuil airde na dtaobhliag agus na liag deiridh idir 0.50m go 0.91m thar leibhéil láithreacha na n-urlár ina bhfuil siad. Tabharfar faoi deara go bhfuil ar na bealaí isteach chuig na fo-sheomraí seo clocha ursanacha agus ar an ábhar sin léiríonn siad na prionsabail chéanna deartha agus atá sa phríomháiléar adhlactha ina ndéantar a bhealach isteach le péire cloch ursanach.

Caithfidh gurbh é a bhí sa charn seo áit adhlactha do ghrúpa daoine a chónaigh agus a bhí ag feirmeoireacht sa cheantar seo am éigin idir 3000 agus 2000 R. C. Ní dhearnadh tochailt ar an áit, ach is féidir go nochtfaidh tochailt cnámha créamtha nó comhchruinnithe fosfáite sna seomraí adhlactha le léiriú go raibh cnámha neamhdhóite ann a bhí scriosta ag coinníollacha créafóige aigéadaí. Leis na hadhlacthaí d'fhéadfaí cré-earraí lámhdhéanta briste a bheith ann (babhlaí le tóin chruinn ann), roinnt uirlísí breochloiche agus b'fhéidir coirín cloiche nó dhó.

Léitheoireacht Bhreise

Ar an Bheitheach Mhór: May, A. McL. In J. Roy. Soc. Antiq. Ireland, 83 (1953), 174-197 agus Pilcher, J.R. in Ulster J. Archaeol., 32 (1969), 73-91. Ar Creggancconroe: deValera, R. in Proc. Roy. Irish Acad. 60C (1960), 9-140 agus Evans, E.E., Prehistoric and Early Christian Ireland (1966).

Rochtain An Bheitheach Mhór (tagairt greille. H685841): téigh ar an bhóthar ón Chorr Chríochach chun na hÓmaí go pointe thart ar 14 km. siar ón Chorr Chríochach, áit a ndíríonn comhartha poist ó thuaidh go dtí an suíomh ar an Bheitheach Mhór, a bhainfear amach i ndiaidh 4 km breise

de bhóthair chaola chasta.

Cregganconroe (tagairt greille. H663758): téigh ar an mhionbhóthar ó Chabán an Chaorthainn siar ó thuaidh go Camloch ansin tiontaigh ar chlé taobh istigh de 1 km. roimh dheireadh Chamloch ó dheas.